**Leasú 262**
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe d d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d d) dearbhú maidir le neamh-infheidhmeacht Rialachán (AE) 2015/2283 an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, nó maidir le cur i bhfeidhm ceart oibleagáidí a d'fhéadfadh teacht as an Rialachán seo;*** |

Or. en

**Leasú 263**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Lipéadú*** ábhar atáirgthe ***plandaí TGN de chatagóir 1***, lena n-áirítear ábhar pórúcháin | ***Ceanglais inrianaitheachta agus lipéadaithe le haghaidh phlandaí TGN de chatagóir 1,*** ábhar atáirgthe ***plandaí TGN de chatagóir 1***, lena n-áirítear ábhar pórúcháin ***agus táirgí TGN de chatagóir 1*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/264

**Leasú 264**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ábhar atáirgthe plandaí, lena n-áirítear ábhar chun críoch pórúcháin agus eolaíochta, ina bhfuil nó atá comhdhéanta de ***phlanda/phlandaí TGN de chatagóir 1*** agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe, cibé acu is ar íocaíocht nó saor in aisce é, beidh lipéad air lena léireofar na focail ***'TGN cat 1' [TGN de chatagóir 1], agus*** uimhir aitheantais an ***phlanda/na bplandaí TGN*** dá díorthaíodh é. | ***Maidir le plandaí TGN de chatagóir 1, táirgí a bhfuil nó atá comhdhéanta de phlanda/phlandaí TGN de chatagóir 1 agus*** ábhar atáirgthe plandaí, lena n-áirítear ábhar chun críoch pórúcháin agus eolaíochta, ina bhfuil nó atá comhdhéanta de ***phlanda/phlandaí TGN de chatagóir 1*** agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe, cibé acu is ar íocaíocht nó saor in aisce é, beidh lipéad air lena léireofar na focail ***Teicnící Géanómaíocha Nua. I gcás ábhair atáirgthe plandaí, beidh*** uimhir aitheantais an ***phlanda TGN/na bplandaí TGN*** dá díorthaíodh é ***ina dhiaidh***. |

Or. en

**Leasú 265**
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Soláthrófar inrianaitheacht iomchuí bunaithe ar dhoiciméid le haghaidh TGNanna trí fhaisnéis a tharchur agus a choinneáil lena sonraítear táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phlandaí agus táirge TGN, agus na cóid uathúla le haghaidh na TGNanna sin, ag gach céim dá gcur ar an margadh.*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/266

**Leasú 266**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***An cinneadh a tharraingt siar*** |
| | ***Má léiríonn torthaí an fhaireacháin go bhfuil riosca ann don tsláinte nó don chomhshaol, nó má thacaíonn sonraí eolaíocha nua leis an hipitéis sin, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(8) nó an ráiteas dá dtagraítear in Airteagal 7(5) a tharraingt siar. Ní mór an cinneadh maidir le tarraingt siar a sheoladh tríd an bpost cláraithe chuig tairbhí an chinnidh, agus beidh 15 lá aige chun barúlacha a thabhairt. Sa chás sin, beidh toirmeasc ar phlanda TGN nó ar tháirge TGN a mhargú ón lá tar éis an dáta a fhaightear an litir chláraithe.*** |

Or. en

**Leasú 267**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an toiliú a dheonaítear faoi Chuid C de Threoir 2001/18/CE, tar éis ***na chéad*** athnuachana i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2001/18/CE, bailí ar feadh ***tréimhse neamhtheoranta, mura bhforáiltear leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 17(6) nó (8) gur athnuachan ar feadh tréimhse theoranta é, ar fhorais a bhfuil údar leo bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe riosca a rinneadh de bhun an Rialacháin seo agus ar thaithí na húsáide, lena n-áirítear torthaí an fhaireacháin, má shonraítear amhlaidh sa toiliú***. | 1. Beidh an toiliú a dheonaítear faoi Chuid C de Threoir 2001/18/CE, tar éis ***gach*** athnuachana i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2001/18/CE, bailí ar feadh ***10 mbliana***. |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/268

**Leasú 268**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Má léiríonn torthaí an fhaireacháin go bhfuil riosca ann don tsláinte nó don chomhshaol, nó má thacaíonn sonraí eolaíocha nua leis an hipitéis sin, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh a tharraingt siar. Ní mór an cinneadh maidir le tarraingt siar a sheoladh tríd an bpost cláraithe chuig tairbhí an chinnidh, agus beidh 15 lá aige chun barúlacha a thabhairt. Sa chás sin, beidh toirmeasc ar phlanda TGN nó ar tháirge TGN a mhargú ón lá tar éis an dáta a fhaightear an litir chláraithe.*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/269

**Leasú 269**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***De mhaolú ar Airteagal 11(1) agus Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, tar éis na chéad athnuachana,*** beidh an t-údarú bailí ar feadh tréimhse ***neamhtheoranta, ach amháin má chinneann an Coimisiún an t-údarú a athnuachan go ceann tréimhse teoranta, ar fhorais a bhfuil údar leo bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe riosca a rinneadh de bhun an Rialacháin seo agus ar thaithí ar úsáid, lena n-áirítear torthaí faireacháin, má shonraítear amhlaidh san údarú***. | Beidh an t-údarú bailí ar feadh tréimhse ***10 mbliana***. |

Or. en

**Leasú 270**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Má léiríonn torthaí an fhaireacháin go bhfuil riosca ann don tsláinte nó don chomhshaol, nó má thacaíonn sonraí eolaíocha nua leis an hipitéis sin nó más féidir leis an údarás inniúil a chinneadh a tharraingt siar. Ní mór an cinneadh maidir le tarraingt siar a sheoladh tríd an bpost cláraithe chuig tairbhí an chinnidh, agus beidh 15 lá aige chun barúlacha a thabhairt. Sa chás sin, beidh toirmeasc ar phlanda TGN nó ar tháirge TGN a mhargú ón lá tar éis an dáta a fhaightear an litir chláraithe.*** |

Or. en

**Leasú 271**

**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

Or. en